An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2018 (OR. en)**

**EUCO 13/18**

**CO EUR 16**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 Deireadh Fómhair 2018) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN IMIRCE

1. Mheas an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme chonclúidí mhí an Mheithimh agus d'iarr sí go leanfaí leis an obair ar na gnéithe ar fad, mar chuid dá cur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce. Bíodh is go bhfuil laghdú 95% tagtha ar líon na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann isteach san Aontas le hais mar a bhí i mí Dheireadh Fómhair 2015, an tráth ab airde an líon sin, ní miste aird leanúnach a choinneáil ar shreafaí inmheánacha, agus ar shreafaí seachtracha áirithe a tharla le gairid.

2. Tar éis phlé neamhfhoirmiúil na gceannairí in Salzburg, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé an imirce neamhdhleathach a chosc feasta agus ar a thábhachtaí atá sé an comhar maidir leis an imirce a neartú le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, go háirithe leis an Afraic Thuaidh, mar chuid de chomhpháirtíocht níos mó.

3. Ní mór cur leis an gcomhrac in aghaidh líonraí smuigleála daoine: ba cheart dlús a chur leis an obair a dhéantar le tríú tíortha maidir le smuigléirí a imscrúdú, a ghabháil, agus a ionchúiseamh, d'fhonn cosc a chur ar dhaoine tabhairt faoi chosán na contúirte. Ba cheart tascfhórsa comhpháirteach a bhunú sa Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, ar cuid de Europol é. Ba cheart faireachán níos fearr a dhéanamh ar an gcumarsáid ar líne a dhéanann na líonraí smuigleála le chéile agus í a chur de dhroim seoil. Iarrtar ar an gComhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún, sraith de bhearta cuimsitheacha oibríochtúla a fhorbairt chun na críche sin faoi mhí na Nollag.

4. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na tograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir leis an Treoir um Fhilleadh, an Ghníomhaireacht um Tearmann, agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, a scrúdú go ríphráinneach, d'fhonn a áirithiú go mbainfear an leas is éifeachtaí as acmhainní agus go gceapfar íoschaighdeáin choiteanna i ndáil le faireachas ar theorainneacha seachtracha, agus an urraim is cuí á tabhairt do fhreagracht na mBallstát.

5. Ba cheart níos mó a dhéanamh chun go bhféadfar daoine a fhilleadh go héifeachtach. Ba cheart na comhaontuithe atá ann cheana maidir le hathligean isteach a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, ar bhealach nach ndéanfaidh aon idirdhealú i measc na mBallstát, agus na comhaontuithe agus na socruithe nua a thabhairt chun críche, tríd an ngiaráil riachtanach a chruthú agus a chur i bhfeidhm agus leas a bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt, trádáil agus víosaí. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine.

6. Thug Seansailéir na hOstaire tuairisc ar athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus ar an dul chun cinn a mheasfar a dhéanfar i ndáil le gnéithe éagsúla den athchóiriú sin. Mhol an Chomhairle Eorpach d'Uachtaránacht na Comhairle leanúint lena saothar d'fhonn a cuid oibre a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

## II. AN tSLÁNDÁIL INMHEÁNACH

7. Rinneadh dul chun cinn ceart le blianta beaga anuas ar mhaithe le slándáil inmheánach an Aontais a neartú trí chomhar níos fearr a dhéanamh, trí bhearta nithiúla a chur i bhfearas agus trí réimse téacsanna dlíthiúla a ghlacadh, mar shampla, an dul chun cinn a rinneadh maidir le Taifid Ainmneacha Paisinéirí, maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus maidir le leibhéal ard coitianta slándála a áirithiú i ndáil le líonraí agus faisnéis. Ní mór na téacsanna dlíthiúla sin a chur chun feidhme ina n-iomláine.

8. Neartóidh an tAontas a thuilleadh an díspreagadh agus an teacht aniar atá ann i gcoinne bagairtí hibrideacha, cibearbhagairtí, chomh maith le bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN). Ag meabhrú di na conclúidí uaithi roimhe seo i leith ionsaí Salisbury, cáineann an Chomhairle Eorpach an cibearionsaí naimhdeach a rinneadh ar an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW). Ní fhágann bagairtí agus ionsaithe den chineál sin ach gur móide ár dtiomantas slándáil inmheánach an Aontais a fheabhsú a thuilleadh agus cur lenár n-acmhainn agus lenár gcumas gníomhaíochtaí naimhdeacha na líonraí faisnéise eachtracha agus gníomhaithe mailíseacha eile atá ar ár gcríocha agus ar líne a bhrath, a chosc, a fhreagairt agus a chur de dhroim seoil. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh réim nua de bhearta sriantacha chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ó airm cheimiceacha agus tá sí ag súil go ndéanfar dul chun cinn gasta maidir le daoine agus eintitis ábhartha a liostú.

9. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí na bearta seo a leanas freisin:

- cibearghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí cibearchumasaithe, ar gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus mailíseacha iad, a chomhrac agus cibearshlándáil láidir a fhorbairt. I dtaca le conclúidí an 19 Meitheamh 2017 ón gComhairle, ba cheart leanúint leis an obair, trí bhearta sriantacha an Aontais, i ndáil le cibearionsaithe a fhreagairt agus a chur de dhroim seoil. Ba cheart an chaibidlíocht maidir leis na tograí ar fad a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thabhairt chun críche roimh dheireadh an téarma reachtaigh chun go neartófar teacht aniar an Aontais i gcoinne cibearionsaithe;

- córais dhaonlathacha an Aontais a chosaint agus dul i ngleic le bréagaisnéis, lena n-áirítear i gcomhthéacs na dtoghchán Eorpach atá ar na bacáin, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. I dtaca leis an méid sin, ba cheart a bhfuil á bheartú ag an gCoimisiún i dtaobh na nithe seo a leanas a scrúdú gan mhoill agus an obair oibríochtúil a ghabhann leo, arna déanamh ag na húdaráis inniúla, a chur i gcrích: líonraí comhair toghchán, an trédhearcacht ar líne, cosaint in aghaidh teagmhais chibearshlándála, ionramháil neamhdhleathach sonraí, an comhrac in aghaidh feachtais bréagaisnéise, agus rialacha níos déine maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla san Eoraip. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gCód Cleachtais maidir le bréagaisnéis a chur chun feidhme roimh dheireadh na bliana. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an bplean gníomhaíochta i leith freagairt chomhordaithe ón Aontas, a chuirfear i láthair faoi mhí na Nollag, mar a leagadh amach sna conclúidí uaithi i mí an Mheithimh;

- cur leis an acmhainn cosc a chur ar an radacú agus ar an sceimhlitheoireacht agus freagairt éifeachtach a thabhairt orthu, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún maidir le cosc a chur ar inneachar sceimhlitheoireachta a bheith á scaipeadh ar líne. Ba cheart teacht ar réitigh le go n-áiritheofaí rochtain mhear éifeachtúil trasteorann ar r-fhaisnéis chun go bhféadfar an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac ar bhealach éifeachtach, laistigh den Aontas agus ar leibhéal idirnáisiúnta; ba cheart teacht ar chomhaontú i ndáil leis na tograí ón gCoimisiún maidir le r-fhaisnéis agus rochtain ar fhaisnéis airgeadais, chomh maith leis na tograí chun sciúradh airgid a chomhrac ar bhealach níos fearr, roimh dheireadh an téarma reachtaigh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún go ríphráinneach, sainorduithe caibidlíochta le haghaidh na caibidlíochta idirnáisiúnta maidir le r-fhianaise a thíolacadh. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le síneadh a chur le hinniúlachtaí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ionas coireanna sceimhlitheoireachta trasteorann a chumhdach;

- acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, do Europol agus do Eurojust chun dul i ngleic leis na dúshláin nua a thugann forbairtí teicneolaíocha agus timpeallacht athraitheach na bagartha slándála, lena n-áirítear trí threalamh a chomhthiomsú, trí chomhpháirtíochtaí níos fearr leis an earnáil phríobháideach, trí chomhar idir na húdaráis éagsúla, agus trí rochtain níos fearr ar shonraí;

- feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras agus na mbunachar sonraí faisnéise. Tá cuid mhór dul chun cinn déanta cheana féin i ndáil le córais faisnéise agus malartú faisnéise a fhorbairt, ach caithfear níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun gur fearrde a fheidhmeoidh siad le chéile, go háirithe trí stóras coiteann sonraí céannachta. Ba cheart an chaibidlíocht maidir le tograí atá ar feitheamh, an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla san áireamh, a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana; ba cheart, ar an gcéad tosaíocht, na bearta ar fad a bheidh riachtanach lena gcur chun feidhme a dhéanamh;

- ár n-acmhainn a neartú i dtaca le bainistiú géarchéime agus i dtaca le comhleanúnachas agus éifeachtacht na sásraí freagartha géarchéime atá ag an Aontas gona Bhallstáit. Ba cheart an chaibidlíocht faoin togra i ndáil leis an sásra Aontais um chosaint shibhialta a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana.

## III. <u>CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

10. Tá an saol ag síorathrú agus measann an Chomhairle Eorpach go mbaineann ríthábhacht leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Afraic. Ba cheart céim nua a bhaint amach sa chomhar atá eadrainn, agus na hacmhainní is gá a chur ar fáil, lena n-áirítear tríd an bPlean Eorpach Infheistíochta Seachtraí agus Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic. Is díol sásaimh di gur thíolaic an Coimisiún a thionscnamh maidir le Comhghuaillíocht nua idir an Afraic agus an Eoraip le haghaidh Infheistíocht agus Poist Inbhuanaithe agus iarrann sí go leanfaí le dul chun cinn na ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear tograí nithiúla le rannpháirtíocht na mBallstát.

11. Tar éis phlé neamhfhoirmiúil na gceannairí in Salzburg, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach é go bhfuil an chéad chruinniú mullaigh le tionól idir 28 mBallstát an Aontais agus Léig na nArabach, arna óstáil ag an Éigipt ar an 24-25 Feabhra 2019.

12. Tá an tAontas Eorpach gona Bhallstáit tiomanta go huile agus go hiomlán do Chlár Oibre 2030 maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus do chur chun feidhme an chláir sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach rún an Choimisiúin a Pháipéar Machnaimh a fhoilsiú in 2018 ionas an bealach a réiteach roimh straitéis chuimsitheach cur chun feidhme in 2019.

13. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire an tuarascáil speisialta is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ina ndeimhnítear gan aon agó tionchar diúltach an athruithe aeráide, lena n-áirítear conclúidí na tuarascála, ina léirítear go mbaineann ríthábhacht le laghduithe ar astaíochtaí domhanda i ngach earnáil agus gur gá gníomhú a thuilleadh maidir le maolú agus oiriúnú, go háirithe chun an sprioc theochta, mar a leagtar amach i gComhaontú Pháras í, a bhaint amach.

14. Ag féachaint di do COP24, a bheidh ar siúl sa Pholainn ón 2 Nollaig 2018, formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle maidir le hullmhúcháin do chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Katowice agus tacaíonn sí go hiomlán leis an bPolainn agus COP24 á eagrú aici. Ní mór go mbeadh de thoradh ar COP24 go nglacfar rialacha cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, agus iad uaillmhianach cuimsitheach mar rialacha, agus gurb é a d'eascródh as an Idirphlé *Talanoa* go dtabharfadh na Páirtithe ar fad gealltanas go ndéanfaidh siad uile machnamh ar a leibhéil uaillmhéine agus gurb é an tIdirphlé *Talanoa* a bheidh mar bhonn faoin ullmhúchán le haghaidh rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) na bPáirtithe uile de bhun Airteagal 4 de Chomhaontú Pháras.